# Beartas Neamhspleáchais EFSA

BILEOG EOLAIS

## Innéacs

1 Cúlra
2 Cad is brí le coinbhleacht leasa
3 Bunphrionsabail chur chuige EFSA i leith an neamhspleáchais
4 Príomhghnéithe Bheartas Neamhspleáchais EFSA

## 1 Cúlra

I mí an Mheithimh 2024, d'fhormheas Bord Bainistíochta EFSA **Beartas Neamhspleáchais nua**, rud a neartaíonn a thuilleadh an bealach a mbainistíonn an tÚdarás leasanna a shaineolaithe eolaíocha agus na ngairmithe uile lena n oibríonn sé.

Cuireann an Beartas nua le taithí EFSA maidir le leasanna a bhainistiú le 20 bliain anuas agus tá sé deartha chun an chothromaíocht iomchuí a bhaint amach idir **na saineolaithe is fearr a mhealladh** chun teacht ag obair le EFSA agus **é a chosaint ar thionchar míchuí** ag an am céanna .

## 2 Cad is brí le coinbhleacht leasa

*"Aon chás ina bhfuil leas ag duine a d'fhéadfadh cur isteach ar a chumas nó ar a cumas gníomhú go neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail i ndáil le hábhar na hoibre a dhéantar ag EFSA, nó aon chás ina meastar le réasún go gcuireann an duine sin isteach ar a chumas nó ar a cumas gníomhú go neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail"*

## 3 Bunphrionsabail chur chuige EFSA i leith an neamhspleáchais

- Sula dtosaíonn siad ag obair le EFSA, **ní mór do gach saineolaí Dearbhuithe Leasa (DoInna) a chur isteach** lena gcumhdaítear na cúig bliana roimhe sin.
- Ní mór do shaineolaithe **a gcuid DoInna a thabhairt cothrom le dáta** uair sa bhliain ar a laghad agus gach uair a thagann leas nua chun cinn nó a athraíonn leas dearbhaithe.
- Scagann EFSA DoInna chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le **gníomhaíochtaí gairmiúla agus leasanna airgeadais** saineolaí a shainaithint.
- Déanann EFSA **seiceálacha bliantúla ar chomhlíonadh agus ar fhírinneacht** ar shampla de DoInna na saineolaithe.
- **Foilsítear** gach DoI **ar shuíomh gréasáin EFSA.**
- Is iad Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin Eorpaigh a dhéanann **meastóireachtaí nó iniúchtaí seachtracha.**

efsa
EUROPEAN FOOD SAFETY AUTHORITY

# 4 Príomhghnéithe Bheartas Neamhspleáchais EFSA

- Saineolaithe atá **fostaithe i dtionscal an bhia nó na beatha nó ag eagraíochtaí neamhrialtasacha**, nó ag a bhfuil infheistíochtaí airgeadais atá nasctha le gnólachtaí a bhfuil tionchar ag aschuir EFSA orthu, cuirtear cosc orthu oibriú le EFSA.
- **Tréimhsí "marana"** dhá bhliain le haghaidh réimse leathan leasanna gairmiúla eile má dhéanann siad forluí leis an gcineál oibre a dhéanfaidh an saineolaí thar ceann EFSA.
- Ceanglais ar shaineolaithe **tionchar airgeadais a leasanna** ar a dtuilleamh bliantúil a dhearbhú.
- Níor cheart go rachadh **maoiniú taighde** ón earnáil phríobháideach a théann chun tairbhe do shaineolaithe thar 25 % dá mbuiséad taighde má bhaineann sé le gníomhaíochtaí EFSA.
- Ceanglais ar dhaoine aonair ó **eagraíochtaí comhpháirtíochta ainmnithe ag na Ballstáit** (eagraíochtaí*, Airteagal 36 ) a bheith faoi réir na gceanglas céanna trédhearcachta agus neamhspleáchais agus atá comhaltaí Mheithleacha eolaíocha EFSA, nuair is ionann na gníomhaíochtaí.
- Déanann Stiúrthóir Feidhmiúcháin EFSA athbhreithniú ar **Dolanna chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta** agus is féidir leis nó léi bearta coisctheacha a dhéanamh más gá.
- Bearta maidir le **sáruithe ar na rialacha neamhspleáchais**, lena n áirítear grúpaí eolaíocha EFSA a bhriseadh as a bpost agus toirmeasc ar obair le EFSA amach anseo.
- Úsáid fhorleathan **uirlisí TF** chun próiseáil DoInna a éascú.

* https://www.efsa.europa.eu/ga/partnersnetworks/scorg

Via Carlo Magno 1A
43126 Parma
An Iodáil

Teil. + 39 0521 036 111
Facs+ 39 0521 036 110
www.efsa.europa.eu

doi: 10.2805/13316
978-92-9499-705-0
TM-05-24-541-GA-N

EUROPEAN FOOD SAFETY AUTHORITY

© An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, 2024. Údaraítear atáirgeadh, ach amháin chun críocha tráchtála, ar choinníoll go n aithnítear an fhoinse